t(h)ú	t(h)usa	sibh	sibhse
(s)é	(s)eisean	(s)iad	(s)iadsan
(s)í	(s)ise		

These forms establish a contrast, explicit or implicit, between the pronoun and some other person. In such cases, an English speaker might just use a stronger stress: 'I saw HIM'; 'was SHE there, too?' Irish requires the longer form in these cases. Contrast forms are also used when two pronouns are linked with **agus**, as above, and when a pronoun is used alone with no verb:

Cé hé sin?	Who's that?
Mise.	Me.

They are also usually used in equational copula sentences as well: **Is mise an bainisteoir** 'I am the manager'.

Féin

Another common way of accentuating pronouns is to add **féin** to the simple form. The basic meaning of **féin** is 'self', and it is used reflexively, i.e., when the subject and object are the same:

Ghortaigh mé mé féin.
Tá sí ag caint léi féin.

I hurt myself.
 She's talking to herself.

It can also be used to focus attention on the person, and can even combine with a contrast form :

Rinne mé féin é.
Rinne mise mé féin é.

} I myself did it.

Forms with **féin** can also be conjoined with **agus** and used as copula predicates:

Mé féin an bainisteoir.
Tháinig mé féin agus Brian.

I myself am the manager.
 Brian and I came.

The differences between pronouns with **féin** and the contrast forms are subtle and cannot be dealt with here. Phrases like **mise agus tusa** and **mé féin agus tú féin** can be considered interchangeable; the important point to note is that simple pronouns like **mé** and **tú**, etc., cannot be used in the contexts described here.

Reciprocity, the sense of 'each other' is expressed by **a chéile**.

Bhuail siad a chéile.
Labhair siad le chéile.

They hit each other.
 They talked to each other.

Demonstrative pronouns

We have seen demonstratives, **seo**, **sin**, **úid**, used in phrases with a noun and the article, as in **an duine sin** 'that person'. The same demonstratives can also be used as pronouns in combination with the simple third-person pronouns:

(s)é seo, (s)í seo	this one	(s)iad seo	these (people, things)
(s)é sin, (s)í sin	that one	(s)iad sin	those
(s)é siúd, (s)í siúd	that one	(s)iad siúd	those yonder

Siúd generally refers to people or things more distant than **sin**. These also provide another way of accenting a pronoun.

Tá sé seo blasta.
An bhfeiceann tú í sin?

This is tasty.
 Do you see her/that one?

Since the contrast forms refer only to people, **sin/seo/siúd** are the only way to accentuate pronouns referring to inanimate objects.

Possessive pronouns

Pronouns identifying possessors are always unstressed and come before the noun they possess, much like the article **an**. Most also trigger a mutation on initial consonants of the possessed noun. The following illustrate:

mo theach	my house	ár dteach	our house
do theach	your house	bhur dteach	your (pl.) house
a theach	his house	a dteach	their house
a teach	her house		

Before a vowel, the plural possessives prefix *n-*, and the feminine singular prefixes *h*. **Mo** and **do** become **m'**, **d'**.

m'oifig	my office	ár n-oifig	our office
d'oifig	your office	bhur n-oifig	your (pl.) office
a oifig	his office	a n-oifig	their office
a hoifig	her office		

For contrast of these possessives, the suffix *-sa/se* is used, but it is attached to the noun:

m'oifigse	<i>my</i> office
ár dteachsa	<i>our</i> house

An alternative form is **an teach seo agam** 'my house'; **an teach seo againn** 'our house'. It is particularly common with plural possessors.

One

In Unit 10, **ceann** was introduced as a kind of pronoun form used to avoid repeating a noun after numbers. It is used with demonstratives and possessives as well, with a meaning similar to English 'one' in 'this one', 'that one'.

Déanann sé drochscannáin, ach tá an ceann sin go maith.

He makes bad movies, but that one is good.

Tá mo leabhar anseo; cá bhfuil do cheannsa?

My book is here; where's yours? (lit. 'your one')

To refer to plural nouns, **cinn** is used, and for uncountable substances, **cuid** 'portion'.

Tá na húlla go maith; ithigí na cinn seo.

The apples are good; eat these (ones).

Feicim go leor leabhair ach ní fheicim mo chinnse.

I see many books, but I don't see mine.

Bhí neart bia ann; an bhfuair tú do chuid?

There's plenty of food; did you get yours?

Exercises

1 Choose the appropriate pronoun form in each sentence below.

- 1 Feicim (siad/iad).
- 2 An bhfuil (sí/í) anseo?
- 3 Is mór an trua (sé/é).
- 4 An bhfuil (tú/thú) sásta?
- 5 Beidh mise agus (sise/ise) ag teacht anocht.
- 6 An múinteoirí (siad/iad)?
- 7 Feicfidh mé (tú/thú).
- 8 Chuala mé (siad/iad) ag caint.
- 9 Is iontach an duine (sé/é).
- 10 An mbeidh (seisean/eisean) agus a bhean anseo?

2 Insert a pronoun in either simple or contrast or reflexive (with **féin**) form, as appropriate. Choose the person form that matches the underlined noun or pronoun.

- 1 Cé hí an cailín óg sin? Is í m'iníon _____.
- 2 Sílim go bhfuil _____ tinn.
- 3 Dúirt Brid go mbeidh _____ ag an gcruinniú, ach nach mbeidh a fear ann.
- 4 Dia duit. Cén chaoi a bhfuil _____?
- 5 (Answer to 4): Tá _____ go maith, go raibh maith agat. Cén chaoi a bhfuil _____?
- 6 Tá mé ag rá leat go bhfuil _____ agus _____ in ann an bua a fháil ar dhuine ar bith.
- 7 Thit Niall agus ghortaigh sé _____.
- 8 An bhfaca tú na cailíní? Chonaic mé ar an trá _____.
- 9 Dia duit. Mise Brian; cén t-ainm atá _____?
- 10 An bhfaca duine ar bith agaibh an scannán sin?
Chonaic _____ é, ach níor thaitin sé _____.

3 Fill in answers to the questions using an appropriate possessive pronoun. E.g.: Cá bhfuil do mhuintir? Tá mo mhuintir anseo.

- 1 An bhfeiceann tú mo chóta?
Feicim _____ ansin.
- 2 An í seo deirfiúr Mháirtín?
Ní hí. Tá _____ ansiúd.
- 3 An dtuigeann tú athair agus máthair Bhríde?
Tuigim _____ ach ní thuigim _____.
- 4 An bhfuil do mhac tinn?
Tá _____ réasúnta tinn.
- 5 Cén chaoi a bhfuil bhur gcairde?
Tá _____ go maith.
- 6 An raibh tú ag siopa Pháidín?
Ní raibh mé ag _____ riamh.
- 7 An bhfuil teach do thuismitheoirí mór nó beag?
Tá _____ mór.
- 8 An bhfeiceann tú ár ngasúir?
Feicim _____ ansin.
- 9 Cá bhfuil asal Úna agus Donncha?
Tá _____ ansin.
- 10 Cá bhfuil cairde Ruairí?
Tá _____ ansin.
- 11 An é sin d'athair nó d'uncail?
Is é _____ é.
- 12 An bhfuil deartháir Cháit anseo?
Níl. Tá _____ i gCorcaigh.

Answers to exercises

- 1 1 Feicim iad. 2 An bhfuil sí anseo? 3 Is mór an trua é. 4 An bhfuil tú sásta? 5 Beidh mise agus ise ag teacht anocht. 6 An múinteoirí iad? 7 Feicfidh mé thú. 8 Chuala mé iad ag caint. 9 Is iontach an duine é. 10 An mbeidh seisean agus a bhean anseo?
- 2 1 Cé hí an cailín óg sin? Is í m'iníon í. 2 Sílim go bhfuil mé tinn. 3 Dúirt Brid go mbeidh sise ag an gcruinniú, ach nach mbeidh a fear ann. 4 Dia duit. Cén chaoi a bhfuil tú? 5 (Answer to 4): Tá mé go maith, go raibh maith agat. Cén chaoi a bhfuil tusa? 6 Tá mé ag rá leat go bhfuil mise agus thusa/thusa in ann an bua a fháil ar dhuine ar bith. [or mé féin agus tú/thú féin]. 7 Thit Niall agus ghortaigh sé é féin. 8 An bhfaca tú na cailíní? Chonaic mé ar an trá iad. 9 Dia duit. Mise Brian; cén t-ainm atá ortsa? 10 An bhfaca duine ar bith agaibh an scannán sin? Chonaic muidne/sinne é, ach níor thaitin sé linn.

- 3 1 Feicim do chóta ansin. 2 Ní hí. Tá a dheirfiúr ansiúd. 3 Tuigim a hathair ach ní thuigim a máthair [or vice versa]. 4 Tá mo mhac réasúnta tinn. 5 Tá ár gcairde go maith. 6 Ní raibh mé ag a shiopa riamh. 7 Tá a dteach mór. 8 Feicim bhur ngasúir/ár ngasúir ansin. 9 Tá a n-asal ansin. 10 Tá a chairde ansin. 11 Is é m'uncail (or m'athair) é. 12 Níl. Tá a deartháir i gCorcaigh.

UNIT TWENTY-THREE

Prepositions II: More prepositional pronouns

In Unit 9, several prepositions were introduced, with pronoun forms for three of them. This unit will present the prepositional pronouns for the others, as well as a few additional prepositions.

Do and de

These two prepositions are very similar in form, and some dialects are even showing signs of merging the two. They are distinguished primarily by their vowels, and are identical in the third-singular-feminine form even in the Caighdeán.

	Do	De
<i>Singular</i>		
me	dom	díom
you	duit	díot
him	dó	de
her	di	di
<i>Plural</i>		
us	dúinn	dínn
you (pl.)	daoibh	díbh
them	dóibh	díobh

Both prepositions are frequently pronounced as if lenited and sometimes even spelled this way. For example, the greeting **dia duit** is also spelled **dia dhuit**. **Do** is an important preposition for its use in greetings and follows verbs of giving and transmitting information, where it marks the recipient. It is also used for things that happen to people: **Cad a tharla duit?** ‘What happened to you?’ **De** is less frequent, but is used to refer to removal of

items from a surface (including undressing) and with the verb **fiafraigh** ‘ask (a question)’. It is also used in the phrase **búioch de** ‘grateful to’.

D’inis siad scéal dom.	They told me a story.
Múineann sé Gaeilge do pháistí.	He teaches Irish to children.
Fiafraigh den mhúinteoir.	Ask the teacher.
Bhain mé mo chóta díom.	I took my coat off (lit. ‘off me’).

Faoi and ó

The pronominal forms of **faoi** ‘under, about’ and **ó** ‘from’ are given below. Both lenite an initial consonant of a following noun: **ó Shasana** ‘from England’, **faoi Cháit** ‘about Cáit’.

	Faoi	Ó
<i>Singular</i>		
me	fúm	uaim
you	fút	uait
him	faoi	uaidh
her	fúithi	uaithe
<i>Plural</i>		
us	fúinn	uainn
you (pl.)	fúibh	uaibh
them	fúthu	uathu

In reference to locations, the pronoun forms of **faoi** are rare; **ó** is used with verbs like **imigh ó** ‘depart from, take leave of’, and **tóg ó** ‘take from’. Both prepositions are used idiomatically with **bí** and a verbal noun structure:

Tá fúm Gaeilge a fhoghlaim.	I intend to learn Irish.
Tá uaim Gaeilge a fhoghlaim.	I want to learn Irish.

The phrase **Cad atá uait?** ‘What do you want/need?’ is also common.

In

Like **faoi**, conjugation of **in** is rare for locations, but the prepositional pronouns are useful in idioms.

Singular

me	ionam
you	ionat
him	ann
her	inti

Plural

us	ionainn
you (pl.)	ionaibh
them	iontu

The principal idiomatic use of pronominal **in** provides a common alternative to classification sentences with the copula.

Múinteoir atá ionam. Is múinteoir mé.	I'm a teacher.
Bothán atá ann. Is bothán é.	It's a shanty.
Tréidlia atá inti. Is tréidlia í.	She's a veterinarian.

The structure of these sentences will be covered in *Intermediate Irish*; for now, it suffices to note that the predicate (the name of the class) comes first followed by a special form of **tá, atá**, and the prepositional pronoun for what would be the English subject.

To express 'it's only X', the same pronoun forms are used, as follows:

Níl ann ach bothán.	It's only a shanty.
Níl iontu ach amadáin.	They're nothing but fools.

Ní (verb) . . . **ach** 'not . . . but' is the usual way to express 'only' in Irish.

Prepositions without prepositional pronouns

Several prepositions lack pronoun forms; instead, the normal non-subject forms are used. The most common such prepositions are these:

gan	without	gan mé	without me
go dtí	toward, to, until	go dtí é	to him
mar	as, like	duine mar í	a person like her
seachas	besides, except	seachas tusa	except you

When followed by a noun, **gan** and **mar** usually lenite the first consonant; **go dtí** and **seachas** do not. **Mar** eclipses nouns after **an**; the others have no effect (apart from gender effects of **an**).

Idir

Idir, ‘between’, has prepositional pronouns only in the plural:

eadrainn	between us
eadraibh	between you
eatarthu	between them

Separate pronouns are also used with **idir**: **idir mise agus tusa** ‘between you and me’. Nouns after **idir** are not lenited when it means ‘between’:

Tá Droichead Átha idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste.
Drogheda is between Dublin and Belfast.

But they are lenited when **idir** means ‘both’ or ‘among’.

cumarsáid idir dhaoine	communication between/among people
idir ghol agus gháire	both tears and laughter
Bhí idir fhir agus mhná ann.	Both men and women were there.

Exercises

1 For each preposition below, fill the blanks with the prepositional pronouns indicated in parentheses:

Do

- 1 Ar chuala tú céard a tharla _____ (mé)?
- 2 Mhúin sé Fraincis mhaith _____ (sibh).
- 3 Rinne mé cáca _____ (iad).
- 4 Cheannaigh sé bróga nua _____ (muid).
- 5 Míneoidh mé an scéal _____ (thú).

De

- 6 Níl a fhios agam, mar sin fiafróidh mé _____ (sibh).
- 7 Bain _____ do chóta, agus suigh síos (thú).
- 8 D’fhiafraigh siad _____ (muid).
- 9 Ná fiafraigh _____ (mise).
- 10 Íosfaidh muid cuid _____ seo (é).

Faoi

- 11 Tá _____ Rúisis a fhoghlaim (muid).
- 12 Bhí muid ag caint _____ (í).

- 13 Níl mé ag rá rud ar bith _____ (sibh).
 14 Bhí _____ dul a chodladh go luath (iad).
 15 Tá bord mór ansin agus go leor rudaí _____ (é).

Ó

- 16 Cad atá _____ (thú)?
 17 Teastaíonn béile _____ (mé).
 18 D'imigh a bhean _____ (é).
 19 Is glas iad na cnoic i bhfad _____ (muid).
 20 Níl rud ar bith ag teastáil _____ (iad).

- 2 Fill the blanks with correct form of **idir** + pronoun (either separate or prepositional) to match the underlined phrase.

- 1 Bhí siad ag caint _____.
 2 Tá droch-chuma ar Phádraig. Níl mórán _____ agus an bhás.
 3 An bhfeiceann tú Úna Bheag? Níl mórán difríocht _____ agus a mháthair.
 4 Fuair tú luach maith ar an gcarr a dhíol tú do Dhonncha. Bhí margadh maith déanta _____.
 5 Ná hiniis d'aon duine an scéal a d'inis mé dhuit. Coinneoidh muid _____ féin é.

- 3 Choose the correct preposition (**do**, **de**, **faoi**, **ó**) for each sentence and fill in a pronoun form that refers to the underlined noun or pronoun.

- 1 Dúirt Síle gur thug sibh cúnamh _____.
 2 Tá na tiománaithe bus ar stailc; tá tuilleadh pá _____.
 3 Beidh Colm anseo amárach, más fíor _____ féin.
 4 Dúirt an dochtúir le Nuala nach bhfuil ag teastáil _____ ach codladh.
 5 An bhfuil _____ imeacht anois, nó an bhfuil tú ag iarraidh fanacht tamall eile?
 6 Abair leis na gasúir a mbróga salacha a bhaint _____.
 7 Bhí _____ dul abhaile go luath, ach mar a tharla, d'fhan mé.
 8 Níl aithne agam ar Mhícheál, ach chuala mé go leor _____.
 9 Deir Dónall go bhfuil airgead ag teastáil _____.
 10 Inis dom an raibh siad ag caint _____.
 11 Breathnaigh ar an leaba ansin; tá do bhróga _____.
 12 An bhfeiceann tú an leaba úd? An mbainfidh tú an t-éadach _____?

- 13 Dúirt an fear sin gur cheannaigh tú deoch _____.
- 14 Tá mé an-bhuíoch _____ go ndearna tú an obair sin.
- 15 Insígí dúinn an bhfuil aon rud ag teastáil _____.

4 Complete the following with an appropriate prepositional pronoun form of **in**.

- 1 An innealtóir thú? Ní hea. Iriseoir atá _____.
- 2 An raibh sibh san Iodáil an t-earrach seo caite? Ní raibh. Fomhar a bhí _____.
- 3 An banaltra í Áine? Ní hea, dochtúir atá _____.
- 4 Stop an tseafóid! Níl _____ ach amadán!
- 5 Nach bhfuil teach mór acu? Níl, muis'! Arasán beag atá _____.
- 6 Tá go leor airgid acu. Milliúnaithe atá _____.
- 7 An múinteoir í? Ollamh atá _____.
- 8 Is maith liom Daithí. Duine deas atá _____.
- 9 Tá sibhse go hiontach freisin. An-chairde atá _____.
- 10 An bhfuil aithne agat ar Mháire? Cailín deas atá _____.

5 Answer the following questions, using appropriate prepositional pronouns.

- 1 Nach bhfuil fuadar faoi Chití?
- 2 An bhfuil toitín ag teastáil uaibh?
- 3 Ar thug tú cúnamh do na buachaillí?
- 4 Nach mbainfidh sibh na bróga díbh?
- 5 An bhfuil fút fanacht nó imeacht?
- 6 An bhfuil tú buíoch de Bhreandán?
- 7 An bhfuair tú litir ó Mháire?
- 8 Ar tharla timpiste duit?
- 9 An raibh siad ag caint faoi do chairde?
- 10 An dteastaíonn aon rud ó na fir úd?

6 Translate.

- 1 Máirín intends to marry a man like him.
- 2 Séamas asked me but I couldn't give him an answer.
- 3 I need to stop working now.
- 4 One can't survive without food.
- 5 Everyone heard the story except me.
- 6 Take off your hat.
- 7 I don't know what he wants.
- 8 He's a farmer and she's a shopkeeper.
- 9 What happened to you? I fell off the chair.
- 10 Do you understand that? Explain it to me, please.

Answers to exercises

- 1 1 Ar chuala tú céard a tharla dom? 2 Mhúin sé Fraincis mhaith daoibh. 3 Rinne mé cáca dóibh. 4 Cheannaigh sé bróga nua dúinn. 5 Míneoidh mé an scéal duit. 6 Níl a fhios agam, mar sin fiafróidh mé díbh. 7 Bain díot do chóta, agus suigh síos. 8 D'fhiafraigh siad dinn é. 9 Ná fiafraigh díomsa. 10 Íosfaidh muid cuid de seo. 11 Tá fúinn Rúisis a fhoghlaim. 12 Bhí muid ag caint fúithi. 13 Níl mé ag rá rud ar bith fúibh. 14 Bhí fúthu dul a chodladh go luath. 15 Tá bord mór ansin agus go leor rudaí faoi. 16 Cad atá uait? 17 Teastaíonn béile uaim. 18 D'imigh a bhean uaidh. 19 Is glas iad na cnoic i bhfad uainn. 20 Níl rud ar bith ag teastáil uathu.
- 2 1 Bhí siad ag caint eatarthu. 2 Tá droch-chuma ar Phódraig. Níl mórán idir é agus an bhás. 3 An bhfeiceann tú Úna Bheag? Níl mórán difríocht idir í agus a máthair. 4 Fuair tú luach maith ar an gcarr a dhíol tú do Dhonncha. Bhí margadh maith déanta eadraibh. 5 Ná hiniis d'aon duine an scéal a d'inis mé dhuit. Coinneoidh muid eadrainn féin é.
- 3 1 Dúirt Síle gur thug sibh cúnamh di. 2 Tá na tiománaithe bus ar stail; tá tuilleadh pá uathu. 3 Beidh Colm anseo amárach, más fíor dó féin. 4 Dúirt an dochtúir le Nuala nach bhfuil ag teastáil uaithi ach codladh. 5 An bhfuil fút (or uait) imeacht anois, nó an bhfuil tú ag iarraidh fanacht tamall eile? 6 Abair leis na gasúir a mbróga salacha a bhaint díobh. 7 Bhí fúm (or uaim) dul abhaile go luath, ach mar a tharla, d'fhan mé. 8 Níl aithne agam ar Mhícheál, ach chuala mé go leor faoi. 9 Deir Dónall go bhfuil airgead ag teastáil uaidh. 10 Inis dom an raibh siad ag caint fúm. 11 Breathnaigh leaba ansin; tá do bhróga fúithi. 12 An bhfeiceann tú an leaba úd? An mbainfidh tú an t-éadach di? 13 Dúirt an fear sin gur cheannaigh tú deoch dó. 14 Tá mé an-bhuíoch díot go ndearna tú an obair sin. 15 Insígí dúinn an bhfuil aon rud ag teastáil uaibh.
- 4 1 An innealtóir thú? Ní hea. Iriseoir atá ionam. 2 An raibh sibh san Iodáil an t-earrach seo caite? Ní raibh. Fómhar a bhí ann. 3 An banaltra í Áine? Ní hea, dochtúir atá inti. 4 Stop an tseafóid! Níl ionat ach amadán! 5 Nach bhfuil teach mór acu? Níl, muis'! Árasán beag atá ann. 6 Tá go leor airgid acu. Milliúnaithe atá iontu. 7 An múinteoir í? Ollamh atá inti. 8 Is maith liom Daithí. Duine deas atá ann. 9 Tá sibhse go hiontach freisin. An-chairde atá ionaibh. 10 An bhfuil aithne agat ar Mháire? Cailín deas atá inti.
- 5 1 Tá (OR Níl) fuadar fúithi. 2 Tá (OR Níl) toitín ag teastáil uainn. 3 Thug (Níor thug) mé cúnamh dóibh. 4 Bainfidh (Ní bhainfidh) muid na bróga dinn. 5 Tá fúm fanacht (OR imeacht). 6 Tá (OR Níl) mé buíoch de. 7 Fuair (Ní bhfuair) mé litir uaithi. 8 Tharla (Níor tharla) timpiste dom.

- 9 Bhí (Ní raibh) siad ag caint fúthu. 10 Teastaíonn (Ní theastaíonn) rud uathu.
- 6 1 Tá faoi Mháirín fear mar é a phósadh. 2 D'fhiafraigh Séamas díom ach ní raibh mé in ann freagra a thabhairt dó. 3 Teastaíonn uaim (or tá uaim) stopadh ag obair anois. 4 Ní féidir maireachtáil gan bhia. 5 Chuala gach duine ('chuile dhuine) an scéal seachas mise. 6 Bain díot do hata. 7 Níl a fhios agam céard atá uaidh. 8 Feirmeoir atá ann agus siopadóir atá inti. 9 Cad a tharla duit? Thit mé den chathaoir. 10 An dtuigeann tú é sin? Mínigh dom é, más é do thoil é.

UNIT TWENTY-FOUR

Possession and ownership

Irish has no verb ‘to have’ nor one meaning ‘to own’. These concepts are expressed idiomatically using some of the prepositions introduced in Unit 9. These structures and some idioms based on them will be introduced in this unit.

‘To have’

Possession is expressed with the verb **bí** ‘be’ and the preposition **ag** ‘at’. The thing possessed is the subject, and the possessor is the object of **ag**:

Tá teach mór ag Cathal.
Níl páistí ag Áine.
Tá carr nua ag an ngréasaí.
Bhí saoire mhaith againn.

Cathal has a big house.
Áine has no children.
The shoemaker has a new car.
We had a good holiday.

If the possessor is a pronoun, the conjugated form is used, as in the last example. With nouns, the same mutations conditioned by **ag** + **an** apply as when **ag** means ‘at’. In general, when the subject of **bí** refers to an inanimate object and the object of **ag** is human, the sentence will most likely be interpreted as meaning ‘have’, although the possessee can occasionally also be human, as in the second example above.

‘To own’

Permanent ownership is expressed with **is** and the preposition **le** ‘with’.

Is le mo mháthair an carr sin. That car is my mother’s/My mother owns that car.
Is liomsa an leabhar sin. That’s my book/I own that book.
Cé leis an cóta? Who owns the coat/Whose coat is that?

In this usage, the thing owned comes last and is always a specific individual item, generally so identified by the use of **an** ‘the’. Ownership of non-specific items, i.e., indefinite nouns, is expressed by the **bí . . . ag** construction:

Níl carr ar bith agam. I don’t own/have a car at all.
Tá trí theach ag mo dheirfiúr. My sister owns/has three houses.

Idiomatic structures

The ownership structure with **le** is also used to signal family relationships. **Le** can be used to indicate the person who bears a particular relationship to some individual:

Cé hí an cailín sin? Who is that girl?
Iníon le Tony Choilín í. She’s a daughter of Tony Choilín’s.
Is uncaíl liom é. He’s my uncle/an uncle of mine.

It is also common to ask one’s family connections with the question:

Cé leis thú? What family are you from? (lit., Who do you belong to?)

Family resemblance is also expressed with **le**:

Tá sé cosúil lena athair. He resembles/takes after his father.

Idioms using the ‘have’ construction with **bí . . . ag** are much more common. Frequently possession of skills and intellectual information is expressed this way:

Tá Gaeilge mhaith agat. You speak (lit. have) good Irish.
Tá neart cainte ag Bríd. Bríd talks a lot (has lots of talk).
Tá a fhios agam é. I know it (have its knowledge).
An bhfuil snámh aige? Can he swim? (Does he have swimming?)
Tá ceol aici. She can play music.
Tá ciall aige. He has sense (is sensible).
Tá an ceart agat. You are right.
Tá súil agam . . . I hope (lit. have an eye) . . .

Another useful idiom based on **súil** uses the preposition **le**; **súil** functions as a verbal noun (see Unit 20), with the meaning ‘expect’ or ‘look forward to’:

Tá mé ag súil leis. I’m expecting him/it, I’m looking forward to it.

As in many European languages, certain emotions and physical states (being cold, sick, hungry, etc.) are expressed in Irish with a structure meaning 'have' plus a noun referring to the state (hunger, illness, etc.). Many of these use the preposition **ar** rather than **ag**.

Tá áthas orm.	I am happy (lit. have joy on me).
Tá brón orm.	I am sad (have sadness).
Tá aiféala orm.	I am sorry (have regret).
Tá fearg orm.	I am angry (have anger).
Tá imní orm.	I am worried (have worry).
Tá ocras orm.	I am hungry (have hunger).
Tá tart orm.	I am thirsty (have thirst).
Tá slaghdán orm.	I have a cold.
Tá tinneas cinn orm.	I have a headache.
Tá codladh orm.	I am sleepy (have sleeping).
Tá deifir orm.	I am in a hurry (have hurry).
Tá iontas orm.	I am surprised (have surprise/wonder).
Tá náire orm.	I'm embarrassed, ashamed (have shame).

Because the words indicating emotions and states are nouns, not adjectives, intensity is expressed by the adjective **mór** 'big, great' or by quantifiers like **go leor**, **neart**.

Tá tart mór orm.	I am very thirsty (have a great thirst).
Tá imní mór orm.	I am really worried (have a great worry).
Tá neart náire orm.	I am very ashamed (have plenty of shame).

The intensifier **an-** can be prefixed to nouns as an alternative:

Tá an-ocras orm.	I'm very hungry.
-------------------------	------------------

Some idioms use both **ag** and **ar**, the latter indicating what the feeling is about:

Tá meas agam air.	I have respect for him.
Tá cion agam ar Bríd.	I'm fond of Bríd (have affection for).
Tá an ghráin agam ar iasc.	I hate fish.

Similarly, though not an emotion:

Níl neart agam air.	I can't help it (lit. haven't strength on it).
----------------------------	--

Other idioms use either **ag** or **ar** and another preposition, often **le**, but sometimes others:

Tá foighde agat leis na páistí.	You are patient with the children.
Tá éad ar Bhríd le Máire.	Bríd is jealous of Máire.
Tá faitíos orm roimh mhadraí.	I'm afraid of dogs (have fear before).

Sometimes an adjective structure may alternate with a 'have' + noun idiom, possibly but not necessarily similar in form. In the examples below, both forms of expression are commonly heard:

Tá tuirse orm.	Tá mé tuirseach.	I am tired.
Tá tinneas orm.	Tá mé tinn.	I am sick.
Tá olc orm.	Tá mé cantalach.	I am cranky, cross.

For many of the idioms above, however, adjective forms, even if they exist, are rarely used. The idioms listed are the best way to talk about these feelings.

'Knowing'

The possession of knowledge is expressed by the 'have' idiom as well. A complication in Irish comes from the fact that there are three different ways of referring to knowledge, depending on the kind intended. **Fios** refers to factual knowledge:

Tá a fhios agam cé hé.	I know who he is.
An bhfuil a fhios agat go bhfuil sí tinn?	Do you know that she is sick?
Tá a fhios agam an áit.	I know the place (i.e., I know where the place is, what place is being spoken of).

In this usage, **fios** is always possessed: **a fhios** 'its knowledge'. Without the possessive marker, there is an implication of supernatural knowledge (e.g., of the future).

For acquaintanceship with a person, **aithne** is used:

An bhfuil aithne agat ar an bhfear sin?	Do you know that man?
Tá aithne mhaith agam ar Sheán.	I know Seán well.
Tá aithne shúl agam air.	I know him to see (have eye-acquaintance).

Eolas is academic knowledge, and is also used for a body of information.

Tá eolas aige ar an litríocht.	He knows literature.
An bhfuil eolas agaibh faoi chúrsaí Gaeilge?	Do you have information about Irish courses?
Níl eolas agam ar an gceimic.	I don't know about chemistry.

Finally, as noted earlier, the simple ‘have’ construction can be used for knowledge of a skill or something for performance:

Tá Francis aici.	She knows French.
Tá an scéal sin agam.	I know that story (to tell).
Tá ‘An Droighneán Donn’ aici.	She knows ‘An Droighneán Donn’ (a song).

Exercises

- 1 Review the prepositional pronouns by filling in the blank with the correct pronoun form of the preposition given.

E.g.: **Ag:** Tá a fhios againn (muid).

Ag

- 1 Tá cóta _____ (mé).
- 2 Tá ciall _____ (í).
- 3 Tá foighde _____ (muid).
- 4 Tá ceol _____ (é).
- 5 Tá an ceart _____ (tú).
- 6 Tá Spáinnis _____ (iad).
- 7 Tá aithne _____ air (muid).
- 8 Níl aon neart _____ air (sibh).
- 9 Tá airgead _____ (í féin).
- 10 Tá carr _____ (é).

Ar

- 11 Tá áthas _____ (mé).
- 12 Tá deifir _____ (tú).
- 13 Tá brón _____ (iad).
- 14 Tá clú _____ (sibh).
- 15 Tá fearg _____ (muid).
- 16 Tá inní _____ (é).
- 17 Tá tart _____ (mé).
- 18 An bhfuil ocras _____ (tú)?
- 19 Tá náire _____ (iad féin).
- 20 Céard atá _____ (í)?

Le

- 21 Is deirfiúr _____ í (é).
- 22 Beidh muid ag súil _____ (sibh).

- 23 Tá muid ag súil _____ (iad).
- 24 Is aintín _____ í (muid).
- 25 An í sin d'iníon? Tá sí an-chosúil _____ (tú).
- 26 Cé leis an deoch seo? Ní _____ é (mise).
- 27 Beidh féile mór anseo ag an deireadh seachtaine; tá muid ag súil go mór _____ (í).
- 28 Tá aithne agam ar mhuintir Mhic Dhonncha. An _____ sin tú (iad)?
- 29 Níl foighid agam _____ (sibh).
- 30 An bhfuil aithne agat ar Bhrian? Is mac _____ an buachaill sin. (é).

2 Translate, using the form of 'know' appropriate to the situation.

- 1 Sheila knew my cousin.
- 2 Do you know Russian?
- 3 Doctors have knowledge about the heart.
- 4 I don't know what we should do.
- 5 She knows nothing about chemistry.
- 6 We know Dublin well.
- 7 Do you know Bríd?
- 8 Does anyone know that song?
- 9 Do you know where Mairéad lives?
- 10 He doesn't know how to swim.
- 11 I know what you did.
- 12 She knows everybody in town, and what they're up to.

3 Fill the blanks with prepositional pronouns corresponding to the underlined words. Choose the preposition appropriate to each idiom.

- 1 Deir sibh go bhfuil éad _____ le Peadar, ach cén fáth?
- 2 Sílim go bhfuil slaghdán _____.
- 3 Dúirt siad go raibh moill _____.
- 4 Ní aithním an cailín úd; cé _____ í?
- 5 Tá sibh tuirseach; an bhfuil ocras _____ chomh maith?
- 6 Tá sé deacair foighde a bheith againn _____, nuair a bhíonn sibh dána.
- 7 Buailfidimid le chéile amárach, agus beidh deoch _____.
- 8 Ní ithim feoil riamh. Tá an ghráin agam _____.
- 9 Deir Mattias go bhfuil cion _____ ar Shorcha, ach ní chreidim é.
- 10 Fanaigí ansin agus bíodh foighde _____.
- 11 A Bhríd, an bhfuil deifir _____?
- 12 Níor fhan na mná ródheireanach; bhí ciall _____.

- 13 Deir Peige go bhfuil súil _____ nach mbeidh báisteach ann amárach.
- 14 Deir Máirtín go bhfuil fearg _____ leis na gasúir.
- 15 Níl Bairbre ag dul ag marcaíocht, mar tá faitíos _____ roimh chapail.
- 16 Tá muid ag dul chuig an teach ósta; tá tart _____.
- 17 Níl deartháir ar bith ag Eibhlín, ach tá seisear deirfiúr _____.
- 18 Tá Aoife go deas; tá meas mór againn _____.
- 19 Labhraíonn siad Rúisis; tá go leor teangacha _____.
- 20 Tá aithne mhaith ag am ar an sagart; is uncail _____ é.
- 4 Complete the following, using an appropriate idiom with **ar** or **ag**: attribute the feeling to the individual referred to by the underlined noun.
- 1 Tá na gasúir ag ithe bricfeasta mhóir; tá _____ inniu.
- 2 Tá cat Sheáinín marbh agus tá _____ mar gheall air sin.
- 3 Beidh Máirín ag pósadh amárach; tá _____ go mbeidh an lá go breá.
- 4 Tá Bríd ag rith; an bhfuil _____?
- 5 Rinne sé rudaí a bhí uafásach; ba cheart go mbeadh _____.
- 6 Nuair a bhí mé óg bhí _____ roimh mhadraí móra, ach anois, is maith liom iad.
- 7 Beidh Máire ag casadh amhráin anocht; tá _____ iontach _____.
- 8 Bhí mé deireanach mar gheall ar an mbus; bhí _____.
- 9 Ba cheart duit “gabh mo leithscéal” a rá nuair a bhíonn _____.
- 10 Tá muid an-sásta ar fad go bhfuil an lá go breá; tá _____ go bhfuil an samhradh ag teacht.
- 5 Answer the questions with full sentences, using an appropriate prepositional pronoun.
- 1 An bhfuil tú ag éisteacht liom?
- 2 An bhfuil clann ag Bríd agus Máirtín?
- 3 An bhfuil slaghán ort?
- 4 An bhfuil súil agaibh go mbuailfidh sibh le bhur gcairde?
- 5 An bhfanfaidh tú le do mhuintir?
- 6 An bhfuil oraibh imeacht chomh luath sin?

- 7 An bhfuil aiféala ar na páistí?
- 8 Céard atá ar Phádraig?
- 9 An bhfuil an t-am againn le haghaidh deoch eile?
- 10 An bhfuil teangacha eile ag Tomás?
- 11 An dtaithníonn úlla libh?
- 12 An mbreathnaíonn tú ar an gclár sin?
- 13 An bhfuil deifir ar Ghráinne?
- 14 An bhfuil tú ag fanacht le do mháthair?
- 15 An leatsa an carr sin?

Answers to exercises

- 1 1 Tá cóta agam. 2 Tá ciall aici. 3 Tá foighde againn. 4 Tá ceol aige. 5 Tá an ceart agat. 6 Tá Spáinnis acu. 7 Tá aithne againn air. 8 Níl aon neart agaibh air. 9 Tá airgead aici féin. 10 Tá carr aige. 11 Tá áthas orm. 12 Tá deifir ort. 13 Tá brón orthu. 14 Tá clú oraibh. 15 Tá fearg orainn. 16 Tá inní air. 17 Tá tart orm. 18 An bhfuil ocras ort? 19 Tá náire orthu féin. 20 Céard atá uirthi? 21 Is deirfiúr leis í. 22 Beidh muid ag súil libh. 23 Tá muid ag súil leo. 24 Is aintín linn í. 25 An í sin d'iníon? Tá sí an-chosúil leat. 26 Cé leis an deoch seo? Ní liomsa é. 27 Beidh féile mór anseo ag an deireadh seachtaine; tá muid ag súil go mór léi. 28 Tá aithne agam ar mhuintir Mhic Dhonncha. An leo sin tú? 29 Níl foighde agam libh. 30 An bhfuil aithne agat le Brian? Is mac leis an buachaill sin.
- 2 1 Bhí aithne ag Síle ar mo chol ceathar. 2 An bhfuil Rúisis agat? 3 Tá eolas ag dochtúirí ar an gcroí. 4 Níl a fhios agam céard is ceart dúinn a dhéanamh. 5 Níl aon eolas (ar bith) aici ar an gceimic. 6 Tá eolas maith againn ar Bhaile Átha Cliath. 7 An bhfuil aithne agat ar Bhríd? 8 An bhfuil an t-amhrán sin ag duine ar bith? 9 An bhfuil a fhios agat cá bhfuil Máiréad ina cónaí? 10 Níl snámh aige. 11 Tá a fhios agam céard a rinne tú. 12 Tá aithne aice ar gach duine ar an mbaile, agus tá a fhios aici céard atá ar siúl acu.
- 3 1 Deir sibh go bhfuil éad oraibh le Peadar, ach cén fáth? 2 Sílim go bhfuil slaghdán orm. 3 Dúirt siad go raibh moill orthu. 4 Ní aithním an cailín úd; cé leis í? 5 Tá sibh tuirseach; an bhfuil ocras oraibh chomh maith? 6 Tá sé deacair foighde a bheith againn libh, nuair a bhíonn sibh dána. 7 Buailfidimid le chéile amárach, agus beidh deoch againn. 8 Ní ithim feoil riamh. Tá an ghráin agam uirthi. 9 Deir Mattias go bhfuil cion aige ar Shorcha, ach ní chreidim é. 10 Fanaigí ansin agus bíodh foighde agaibh. 11 A Bhríd an bhfuil deifir ort? 12 Níor fhan na mná ro-dheireanach; bhí ciall acu. 13 Deir Peige go bhfuil súil aici nach mbeidh báisteach ann amárach. 14 Deir Máirtín go bhfuil fearg air leis na páistí. 15 Níl Bairbre

ag dul ag marcaíocht, mar tá faitíos uirthi roimh chapail. 16 Tá muid ag dul ag an teach ósta; tá tart orainn. 17 Níl deartháir ar bith ag Eibhlín, ach tá seisear deirfiúracha aici. 18 Tá Aoife go deas; tá meas mór againn uirthi. 19 Labhraíonn siad Rúisis; tá go leor teangacha acu. 20 Tá aithne mhaith agam ar an sagart; is uncail liom é.

4 1 Tá na gasúir ag ithe bricfeasta mhóir; tá ocra orthu inniu. 2 Tá cat Sheáinín marbh agus tá brón air mar gheall air sin. 3 Beidh Máirín ag pósadh amárach; tá súil aici go mbeidh an lá go breá. 4 Tá Bríd ag rith; an bhfuil deifir uirthi (*or moill uirthi*)? 5 Rinne sé rudaí a bhí uafásach; ba cheart go mbeadh náire air. 6 Nuair a bhí mé óg bhí faitíos orm roimh madraí móra, ach anois, is maith liom iad. 7 Beidh Máire ag casadh amhráin anocht; tá ceol iontach aici. 8 Bhí mé deireanach mar gheall ar an mbus; bhí moill uirthi. 9 Ba cheart duit “gabh mo leithscéal” a rá nuair a bhíonn aiféala ort. 10 Tá muid an-sásta ar fad go bhfuil an lá go breá; tá áthas orainn go bhfuil an samhradh ag teacht.

5 1 Tá [*or Níl*] mé ag éisteacht leat. 2 Tá/Níl clann acu. 3 Tá/Níl slaghdán orm. 4 Tá/Níl súil againn go mbuailfidh muid leo. 5 Fanfaidh/Ní fhanfaidh mé leo. 6 Tá/Níl orainn imeacht chomh luath sin. 7 Tá/Níl aiféala orthu. 8 Níl rud ar bith air [*or Níl a fhios agam céard atá air, etc.*] 9 Tá/Níl an t-am againn [*or agaibh*] le haghaidh deoch eile. 10 Tá/Níl teangacha eile aige. 11 Taitníonn/Ní thaitníonn úlla linn. 12 Breathnaím/Ní bhreathnaím air. 13 Tá/Níl deifir uirthi. 14 Tá/Níl mé ag fanacht léi. 15 Is/Ní liom é.

UNIT TWENTY-FIVE

Verbal adjectives and the present perfect

The Irish verbal adjective corresponds to the English past participle. Every verb (except **bí**) has such a form, which may be used both as an adjective and as a verb.

Verbal adjective formation

The form of verbal adjectives is much simpler than that of verbal nouns. Most first conjugation verbs simply add *-ta* or *-te*, depending on final consonant quality, to the imperative stem, dropping a final *gh*. Final *t* or *th* is also dropped before the *-te* ending.

casta	twisted, turned	briste	broken
molta	recommended, praised	sábháilte	saved
dúnta	closed	caillte	lost
ólta	drunk	níte	washed
scriosta	destroyed	léite	read
goidte	stolen	títe	fallen

Verbs ending in *b, c, g, m, p, r* add *-tha/the*.

íoctha	paid	cumtha	composed
fágtha	left	tuigte	understood
gearrtha	cut	scuabtha	swept

Mh and *bh* combine with *th* as *f*: **scríofa** ‘written’.

The ending for second conjugation verbs ending in *-igh* is also *-the*; again, *gh* is dropped. Verbs of this class ending in a consonant usually add *-te* or *-the* depending on the consonant.

ceannaithe	bought	ceangailte	tied
éirithe	risen	oscailte	opened

tosaithe	begun	eitilte	flown
imithe	gone	tarraingthe	pulled

Some verbs of both classes broaden a final stem consonant and add *-ta/tha*:

cuir	curtha	put
siúil	siúlta	walked
labhair	labhartha	spoken
imir	imeartha	played

Most irregular verbs form their verbal adjectives according to the same patterns:

<i>-ta/te</i>		<i>-tha/the</i>	
déanta	done	tagtha	come
cloiste/cluinte	heard	feicthe	seen
faighte	gotten, found	beirthe	borne, carried
ite	eaten		

The others add regular suffixes to irregular stems. Verbal adjectives of **téigh** and **abair** are formed from the verbal noun and **tabhair** from the present/past stem:

dulta	gone
ráite	said
tugtha	given

Adjective functions

Verbal adjectives may be used exactly like any other descriptive adjective. They may be predicates, or modifiers in a phrase with a noun, in which case they are lenited when they modify a feminine noun. Because they all end in a vowel, there is no separate plural form.

Tá an fhuinneog briste.	The window is broken.
an fhuinneog bhriste	the broken window
Tá an balla péinteáilte.	The wall is painted.
an balla péinteáilte	the painted wall
Tá sí pósta.	She is married.
bean phásta	a married woman

Some verbs lend themselves to simple adjective interpretations better than others, but in principle, any verbal adjective can be used this way, given the

right context. Adjectival uses may have specialized meanings, as when **casta** ‘twisted’ is used to mean ‘complex’ or ‘complicated’.

**Tá an cheist sin casta.
an cheist chasta**

That question is complex.
the complex question

Verb functions

With **bí** as an auxiliary verb and an **ag** phrase to mark the actor, verbal adjectives have verbal force, similar in meaning to the English perfect tenses.

Tá an carr díolta aige.

He has sold the car.

Bhí béile mór ite againn.

We had eaten a big meal.

Tá cuid den leabhar léite agam.

I have read part of the book.

Tá litir scríofa agam.

I have written a letter/I have a
letter written.

**Beidh an obair déanta agam
amárach.**

I’ll have the work done
tomorrow.

Tá na páistí millte aici.

She has spoiled the children.

Emphasis here is on the accomplishment of an action or on the resulting state (e.g., completion of work or the character of the spoiled children) more than the action itself. These sentences also emphasize the recency of the action; in this they are similar in meaning to verbal nouns introduced by ‘after’:

Bhí muid tar éis béile mór a ithe.

We had (just) eaten a big meal.

Tá sé tar éis an carr a dhíol.

He’s (just) sold the car.

Verbal adjectives are used rather less often than ‘after’ sentences in most dialects, although they have been growing in frequency. They also don’t have the same range of uses as English present-perfect forms and tend to be avoided in questions and negatives, in favor of simple tenses.

Ní dhearna mé an obair fós.

I haven’t done the work yet.

An bhfaca tú an scannán sin?

Have you seen that movie?

When the agent who performs the action isn’t mentioned, the Irish perfect is often translated as an English passive, but this function is secondary; the state resulting from the action of the verb is what’s important:

Tá an féar sábháilte.	The hay has been saved (harvested).
Tá an obair críochnaithe.	The work has been (is) finished.
Tá an seanbhalla leagtha.	The old wall has been knocked down.
Tá báisteach geallta.	Rain is forecast (lit. promised).

Perfect forms of intransitive verbs (only one participant) are also found, especially with motion verbs.

Tá sé imithe abhaile.	He's gone home.
Tá an geimhreadh tagtha.	Winter has come.

Three prefixes

Three prefixes can be added to verbal adjectives to create new compound adjectives: **so-** 'easily done', **do-** 'impossible (or very difficult) to do', and **in-** 'possible'. Each lenites the first consonant, where possible. A hyphen separates two vowels or identical consonants.

Tá sé dodhéanta.	It's impossible/very difficult.
Tá sé indéanta.	It's doable/feasible.
Tá sé sodhéanta.	It's easy to do.

The meanings given by **so-** and **in-** are often quite similar. Something easily done may translate as 'doable'. In some cases, however, meanings are distinct: **sothuigte** 'understandable', but **intuigte** 'implied'.

Exercises

1 Give the verbal adjective form for each of the following verbs:

- | | |
|-------------|-------------|
| 1 bailigh | 16 bris |
| 2 fág | 17 aontaigh |
| 3 rith | 18 bruith |
| 4 scar | 19 imir |
| 5 fás | 20 éist |
| 6 íoc | 21 snámh |
| 7 oscail | 22 múin |
| 8 dún | 23 geall |
| 9 réitigh | 24 fill |
| 10 gearr | 25 póg |
| 11 foghlaim | 26 cimil |
| 12 lobbh | 27 goid |
| 13 glan | 28 sín |
| 14 bain | 29 aistrigh |
| 15 tosaigh | 30 feic |

2 Identify an idiomatic translation of the following verbal adjective forms, based on their use in context.

- 1 Tá siad geallta ón Nollaig; pósfaidh siad an samhradh seo chugainn. (**geall** ‘promise’)
- 2 An féidir linn bualadh le chéile an tseachtain seo chugainn? Tá mé gafa inniu. (**gabh** ‘take, catch’)
- 3 Ní croithfidh mé lámh leat anois; bhí mé ag obair sa ghairdín, agus tá mo lámha lofa. (**lobh** ‘rot’)
- 4 Ní féidir le páistí dul isteach ansin; tá cead isteach ag daoine fásta amháin. (**fás** ‘grow’)
- 5 Bhí sé caochta nuair a tháinig sé abhaile ón teach ósta. (**caoch** ‘blind’)
- 6 Tá an bhean sin drochmhúinte; ní dúirt sí ‘más é do thoil é’ ná ‘go raibh maith agat’. (**múin** ‘teach’)

3 Change the following sentences to ones with a verbal adjective, following the model given.

Bhí Brid ag déanamh tae. → Tá an tae déanta aici anois.

Bhí Bríd ag imeacht. → Tá sí imithe anois.

- 1 Bhí na buachaillí ag briseadh fuinneog.
- 2 Bhí na gadaithe ag goid carranna.
- 3 Bhí mé ag scríobh litreach chuig mo mhuintir.
- 4 Bhí Maimé ag réiteach béile.
- 5 Bhí tú ag ní soithí.
- 6 Bhí na fataí ag bruith.
- 7 Bhí Máirtín ag insint scéalta.
- 8 Bhí Seán ag líonadh mo ghloine.
- 9 Bhí gach duine ag imeacht.
- 10 Bhí muid ag bailiú airgid.
- 11 Bhí na siopadóirí ag dúnadh na siopaí.
- 12 Bhí an bheirt sin ag scaradh óna chéile.
- 13 Bhí mé ag léamh leabhar suimiúil.
- 14 Bhí muid ag ithe ár ndinnéir.
- 15 Bhí Máire ag scuabadh an urláir.

4 Translate.

- 1 The leaves have fallen.
- 2 The door is opened.
- 3 All the sheep were lost.
- 4 The game is won.

- 5 They were all here, but most of them are gone now.
- 6 This food is rotten.
- 7 The clothes will be washed soon.
- 8 The new house is built out of wood.
- 9 I want a drink, but I've spent all my money.
- 10 Have you finished your work yet?
- 11 The mass has already been said.
- 12 This dress is ruined.

- 5 Paraphrase the following sentences using an expression with one of the prefixes **do-**, **so-**, or **in-**. E.g.: Tá sé furasta an seomra a ghlanadh. → Tá an seomra soghlanta.

- 1 Ní féidir an leabhar sin a léamh.
- 2 Tá sé furasta an obair sin a dhéanamh.
- 3 An féidir an t-uisce a ól?
- 4 Ní féidir na sléibhte a fheiceáil (mar gheall ar an gceo).
- 5 Tá sé furasta Fraincis a labhairt.
- 6 Tá sé fíordheacair an mhóin a bhaint.
- 7 Ní féidir an scéal sin a chreidiúint.
- 8 Is féidir an síol sin a chur.
- 9 Tá sé furasta an bharúil sin a thuiscint.
- 10 Ní féidir Donncha a athrú.
- 11 Is féidir an foireann seo agaibh a bhualadh go héasca.
- 12 Beidh sé furasta an carr sin a díol.
- 13 Ní féidir é sin a mhíniú.
- 14 Is furasta iad a scaradh ó chéile.
- 15 Ní féidir an tine sin a mhúchadh.

- 6 1 Using the prefixes from this lesson, make Irish words for the following:

edible legible illegible unbreakable fragile incredible
